



The Ark



Pacáiste Gníomhaíochta Seomra Ranga The Haircut!

le Wayne Jordan & Tom Lane
Réimsí ábhair: Drámaíocht & Ceol

Ábhar:

Maidir leis an bPacáiste seo/Conas an Pacáiste seo a úsáid/Naisc Churaclaim	Page 1
Cuid 1: Rannóg Gníomhaíochtaí Tosaigh	Page 3
Cuid 2: Tús na Cruthaitheachta agus an Léirithe	Page 6
Cuid 3: Ag Iniúchadh Scéalta ó gach Cearn den Domhan	Page 10
Cuid 4: Do Scéal Féin a Chruthú le Ceol	Page 11
Cuid 5: Tuilleadh Gníomhaíochtaí Traschuraclaim	Page 14

Mar gheall ar an bPacáiste seo:

Scríobhadh an pacáiste gníomhaíochta seo don seomra ranga mar acmhainn chomhlántach do mhúinteoirí a d'fhreastail ar léiriú The Ark de The Haircut! le Wayne Jordan agus Tom Lane lena rang. Cé go bhfuil an t-ábhar a chuirtear ar fáil anseo ag teacht leis an seó seo, is é an cur chuige a glacadh chun an pacáiste seo a chruthú ná téamaí agus smaointe saibhre an tseó a úsáid mar phointe tosaigh do raon de ghníomhaíochtaí suimiúla sa seomra ranga. Mar sin tá sé mar aidhm ag an bpacáiste seo a bheith ina acmhainn úsáideach do mhúinteoirí cibé acu an bhfuil an léiriú feicthe acu nó nach bhfuil. Dóibh siúd a bhfuil an seó feicthe acu, áfach, tá súil againn go dtacóidh an pacáiste seo leat chun fiosrú níos doimhne a dhéanamh ar an taithí a bhí agaibh agus sibh ag an seó.

Faigheann The Haircut! inspioráid ón scéal béaloidis faoin Rí a raibh Cluasa Capaill air (Labhraí Loingseach). Is iomaí leagan den scéal seo atá ann agus iad e haimsiú i ngach cearn den domhan agus d'úsáid Wayne Jordan (scríbhneoir/stiúrthóir) an leagan Gaeilge mar inspioráid dá script. Tarraingíonn a leagan a eilimintí uathúla féin isteach sa scéal freisin.

Tá comhcheangal an cheoil leis an scéalaíocht ar cheann de na príomhchoincheapa sa seó. Tá aisteoir amháin agus triúr ceoltóir ar an stáitse. Tá ceol scríofa ag an gcumadóir Tom Lane a sheinntear beo ar feadh an léirithe. Ar an mbealach seo tá an scéal agus an ceol fite fuaite lena chéile.

Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an bpacáiste seo a úsáid agus go mbeidh sé úsáideach. Más maith leat do taithí féin a roinnt linn, bheadh an-áthas orainn cloisteáil uait ag: TheArkDublin@gmail.com

Conas an pacáiste seo a úsáid:

Tá The Haircut! dírithe ar pháistí 8+ mbliana d'aois agus mar sin tá na gníomhaíochtaí a léirítear sa phacáiste seo oiriúnach don aoisghrúpa seo. É sin ráite, is féidir na smaointe go léir a sholáthraítear a chur in oiriúint ag brath ar aois agus cumas an ranga.

Cosúil leis an seó, dírithear sna gníomhaíochtaí seo ar réimsí ábhar na drámaíochta agus an cheoil agus taispeánann siad bealaí éagsúla sothuigthe chun iad a chur le chéile sa seomra ranga.

Tosaíonn Cuid 1 den phacáiste seo le plé/machnamh simplí agus gníomhaíochtaí téite suas agus is áit mhaith é seo le tosú le rang ar bith. Má tá an paca seo á úsáid agat gan an seó a bheith feicthe agat, is féidir leat an leagan Gaeilge den scéal a léamh do do rang ar dtús (féach aguisín 1 ar leathanach 14).

Ina dhiaidh sin, b'fhéidir gur mhaith leat na rannóga éagsúla a úsáid chun pleannanna ceachta a struchtúrú nó gníomhaíochtaí aonair a roghnú agus a roghnú de réir mar is cuí.

Agus tú ag obair le haon ghníomhaíocht ghrúpa chruthaitheach moltar spás sábháilte a chruthú agus roinnt bunrialacha simplí a úsáid. Tacóidh sé seo le do rang chun triail a bhaint as rudaí, a smaointe a léiriú agus tacú lena chéile. Cruthófar atmaisféar dearfach sa seomra ranga atá ríthábhachtach ionas go mbeidh borradh faoin gcruthaitheacht agus ionas go dtiocfaidh feabhas ar mhuintín na ndaltaí.

Cuireann Aguisín 1 eolas cúlra ar fáil faoin gcroiscéal, chomh maith le 6 leagan eile de a thagann ó áiteanna ar fud an domhain. Tugtar smaointe ar fud an phacáiste chun na leaganacha éagsúla seo a úsáid ar bhealaí difriúla. Soláthraíonn Aguisín 2 ábhar tagartha ginearálta chun dul i ngleic le déanamh ceoil sa seomra ranga lena n-áirítear úsáid uirlisí ranga, iniúchadh fuaimneanna agus cuir chuigi éasca a bhaineann leis an gcumadóireacht. Beidh sé seo úsáideach duit agus na smaointe ceoil ar leith atá ar fáil anseo á gcur i bhfeidhm agat agus beidh sé ina chuidiú freisin d'aon ghníomhaíochtaí ceoil eile is féidir leat a dhéanamh le do rang.

Naisc Churaclaim:

Clúdaíonn na gníomhaíochtaí sa phacáiste seo curaclaim bunscoile na drámaíochta agus an cheoil ar bhonn leathan.

Déantar na 3 shnáithe go léir den churaclam ceoil (Éisteacht agus Freagairt, Cumadóireacht agus Seinm) agus snáithaonad iniúchadh fuaimeanna a chlúdach sna gníomhaíochtaí sa phacáiste seo.

As an gCuraclam Drámaíochta, déantar iniúchadh ar an bpríomhshnáithe - Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú, agus ar na 3 shnáithaonad:

- Iniúchadh agus déanamh drámaíochta
- Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht
- Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

Sa chuid dheireanach den phacáiste tá roinnt gníomhaíochtaí traschuraclaim eile sna réimsí OSPS, na Litearthachta agus na hAmharcealaíona.

Cuid 1: Gníomhaíochtaí Tosaigh

Íoslódáil an scéal agus an ceol

Iarr ar an rang smaoineamh ar cad a thaitin leo as an dráma a fheiceáil. (Mura bhfaca do rang é, léigh an scéal dóibh ina ionad sin - féach Aguisín 1, leathanach 14).

- Cén phointe ab fhearr leat?
- Cé hé/hí an carachtar is fearr leat?
- Ar mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoi aon cheann de na carachtair?
- Cad a d'fhoghlaim na carachtair sa scéal?
- An raibh aon duine sa dráma a d'aithin tú mar go bhfuil siad cosúil le duine a bhfuil aithne agat?
- Cad é mar a bhí an gnáthshaol ag tús an dráma? An raibh cead ag daoine a bheith cruthaitheach agus samhlaíoch?
- Cad a d'athraigh le linn an dráma? Cad a bheidh sa saol laethúil ag deireadh an dráma, dar leat?

Anois, iarr ar na páistí smaoineamh ar an gceol a rinneadh ag gach céim den scéal. (Mura bhfuil an seó feicthe agat, déan píosa ceoil taifeadta a roghnú agus a sheinm do do rang ina ionad sin).

An gcuimhin leo...?

- Cad iad na huirlisí a seinneadh?
- An bhfaca siad nó ar chuala siad aon cheann de na huirlisí a seinneadh riamh roimhe seo? An féidir leo mím a sheinm de na huirlisí a chuala siad agus a chonaic siad?
- Ar chuir an ceol aon rud i gcuimhne dóibh a chuala siad cheana?
- An cuimhin leo codanna ina raibh an ceol tapa nó mall?
- Cad a bhí ag tarlú sa scéal ag na pointí sin?
- Ar thug siad faoi deara ar seinneadh na huirlisí le chéile ag an am céanna chun uigeacht fuaimne eile a chruthú?
- Ar sheinn aon cheann de na huirlisí ina n-aonar ag am ar bith?
- Ar theastaigh uathu canadh le haon chuid den ceol?
- Ar seinneadh ceol an t-am ar fad agus an scéal á insint? Mura seinneadh, cén fáth a roghnaíonn an cumadóir tost a úsáid uaireanta, dar leo?
- Ar thug siad faoi deara ar rinneadh aon cheann de na príomhfhoinn nó poirt a sheinm arís ag pointí éagsúla sa scéal? Cén fáth a ndéanfaí iad a sheinm arís, an dóigh leat?

Drámaíocht agus Ceol i dTeilifís/ Scannán:

Is rud an-eolach do chách ón teilifís agus ó na scannáin an meascán idir scéalta agus ceoil.

Iarr ar na páistí an scannán nó na seónna teilifíse is fearr leo a phlé agus bí ag smaoineamh faoi conas a chruthaíonn an scéal agus an ceol aicsean, carachtar, meon nó mothúcháin.

Gníomhaíocht téite suas an cheoil: Ceol, Meon agus Gluaiseacht

- Iarr ar do rang smaoineamh siar ar an gceol sa seó The Haircut. (Mura bhfuil an seó feicthe agat, roghnaigh píosa ceoil taifeadta agus seinm dóibh é sa rang ina ionad sin.)
- Fiafraigh díobh conas mar a mhothaigh siad ag éisteacht leis an gceol m.sh sásta/brónach, brionglóideach/trína chéile, socair/ar bis srl.
- Iarr orthu an ceol a shamhlú ina gcinn agus, go ciúin, agus tosú ag bogadh go fisiciúil ar aon bhealach is maith leo chun na mothúcháin éagsúla a léiriú.
- Ansin, iarr orthu páirtí a aimsiú. Roghnaíonn Duine 1 meon ceoil agus taispeánann sé le gluaiseacht é. Léiríonn Duine 2 gluaiseacht a gcomhpháirtithe agus ansin déanann sé iarracht an meon a thomhas. Ansin malartaíonn siad róil agus léiríonn pearsa 2 meon difriúil le gluaiseacht nua.

Péinteáil Ceoil:

- Roghnaigh píosa ceoil.
- Ullmhaigh an rang chun éisteacht go han-chúramach leis an gceol.
- Tar éis éisteacht leis uair amháin, déan an ceol a sheinm arís agus iarr ar na páistí cruth an cheoil san aer a phéinteáil lena lámha agus é ag seinm.
- Is féidir leis an múinteoir cuidiú chum tacaíocht a thabhairt do na páistí agus iad ag éisteacht agus ag tabhairt freagra ar an gceol sa ghníomhaíocht seo le ceisteanna ar nós:
- An dtéann an fonn suas agus síos nó an bhfanann sé ar nóta amháin?
- An bhfuil na nótaí scoite agus gonta (staccato) nó an bhfuil an ceol réidh agus ceangailte le chéile (legato)?
- An bhfuil fuaim mhór ard nó fuaim bheag bhog ag an gceol? Conas a d'fhéadfadh sé seo na cruthanna éagsúla atá á 'phéinteáil' acu a athrú?
- Déan an próiseas seo arís le taifeadtaí de chineálacha agus de stíleanna éagsúla ceoil.
- Gníomhaíocht téite suas na drámaíochta: Fiche Ceist - Cad é mo rún?

Abair leis an rang go bhfuil tú chun smaoineamh ar "rún" náireach cosúil le rún an rí - mar shampla, go bhfuil eireaball tíogair nó cosa lachan agat.

- Caithfidh na páistí oibriú le chéile, ag cur Fiche Ceist le freagraí tá/níl le féachaint cad atá ann.
- D'fhéadfá leideanna a thabhairt, mar shampla cá háit a bhfaighfeá an t-ainmhí nó cad a chuideodh ball breise seo den choirp leat a dhéanamh - m.sh. b'fhéidir go bhfaighfeá an t-ainmhí seo in uisce agus b'fhéidir go gcabhródh an corp seo leat a bheith i do shnámháí maith (cosa lachan).
- Lig do na páistí triail a bhaint as rún eile a chumadh don rí de réir atá an chuid eile den rang ag iarraidh buille faoi thuairim a thabhairt faoin méid a bhfuil ann.

Cuid 2: Tús na Cruthaitheachta agus an Léirithe

Fuaimanna a Iniúchadh: Fuaimdhreach a Bhíonn ag Carnadh

- Déan ciorcal.
- Bain úsáid as uirlisí ranga simplí (féach Aguisín 2) agus tabhair uirlis do gach páiste.
- Tosaíonn an múinteoir buille seasta ar dhruma. Mar mhalairt air sin, íoslódáil aip mhéadránóim saor in aisce ar do ghuthán agus déan buille seasta a sheinm air sin má tá sé sin níos éasca.
- Tosaíonn gach páiste ag seinm a n-uirlis nuair a bhreathnaíonn an ceannaire orthu nó nuair a dhéanann an ceannaire gluaiseacht ina treo. Leanann siad ar aghaidh ag seinm as sin amach agus mar sin 'carnann' na fuaimanna ar a chéile sa deireadh.
- Nuair a bheidh na páistí go léir rannpháirteach agus iad as seinm, lig don cheol socrú síos agus bain taitneamh as bheith éisteacht le fuaimdhreach iomlán agus na huigeachtaí fuaimne.
- Is féidir leis an múinteoir ansin an fhuaimdhreach a spíonadh siar go mall trí chomharthaí a thabhairt do gach duine stopadh de réir a chéile. Tugann sé seo deis don rang sult iomlán a bhaint as éisteacht agus na huigeachtaí athraitheacha a thabhairt faoi deara de réir mar a bhaintear fuaimneanna.
- Nuair a thagann siad isteach ar an smaoineamh, tabhair seans do pháistí éagsúla a bheith mar cheannaire. Bíonn plé ar uigeachtaí agus comhcheangal fuaimneanna an-suimiúil i gcónaí tar éis an chleachtaidh carntha! Bíonn a fhios ag leanaí láithreach cad is maith leo agus cad nach maith leo.
- Anois, fiafraigh de na páistí ina ngrúpaí beaga an bhfuil siad in ann fuaimdhreacha gearra a chumadh a oireann do na rúin nua don rí a cumadh sa ghníomhaíocht téite suas thuas m.sh. d'fhéadfadh drumáí farraige nó maidí báistí fuaim uisciúil a chruthú a d'oirfeadh do dhuine a bhfuil cosa lachain aige! B'fhéidir go 'scaoileann' an fuaimdhreach a chruthaíonn siad an rún?
- Ná déan dearmad ar do sheiftithe fuaimdhreacha a thaifeadadh ar ghuthán nó iPad!

Gníomhaíocht drámaíochta: Reo Fráma

- Roinn an rang i ngrúpaí beaga - iarr orthu smaoineamh ar na coda is suntasaí den dráma a chonaic siad. Mura bhfuil an dráma feicthe acu, léigh an scéal ar dtús (féach Aguisín 1) agus oibrigh as sin ina ionad.
- An féidir leo an scéal a athinsint i 5 nóiméad, ag cruthú íomhá neamhbheo nó pictiúr reoite (lena gcorp) de gach nóiméad? Mol dóibh smaoineamh air ar nós gur 5 ghrianghraf atá á gcruthú agus go nglacann gach ceann acu tráth rithabhachtach ón scéal (gan fuaim ná gluaiseacht a chur leis).
- Chun dúshlán breise a chur leis, fiafraigh an féidir leo líne insinte nó dialóige amháin a chur le gach nóiméad.

Leagan Dífriúil: Reo Fráma le Ceol

- Roinn an rang i ngrúpaí beaga - iarr orthu smaoineamh ar na coda is suntasaí den dráma a chonaic siad. Mura bhfuil an dráma feicthe acu, léigh an scéal ar dtús (féach Aguisín 1) agus oibrigh as sin ina ionad.
- An féidir leo an scéal a athinsint i 5 nóiméad, ag cruthú íomhá neamhbheo nó pictiúr reoite (lena gcorp) de gach nóiméad? Mol dóibh smaoineamh air ar nós gur 5 ghrianghraf atá á gcruthú agus go nglacann gach ceann acu tráth rithábhachtach ón scéal (gan fuaim ná gluaiseacht a chur leis).
- Chun dúshlán breise a chur leis, fiafraigh an féidir leo líne insinte nó dialóige amháin a chur le gach nóiméad.

Imeartas Focal:

Tá a rithim nádúrtha féin ag focail agus mar sin is féidir leo na brící tógála a fhoirmiú chun rithim cheoil a chruthú. Iarr ar na páistí an líne comhrá nó reacaireachta is fearr leo a roghnú ón ngníomhaíocht roimhe seo. Ansin iarr orthu an líne seo a athdhéanamh go leanúnach go dtí go n-éiríonn rithim nádúrtha na bhfocal soiléir agus go dtosaíonn sé ag fuaimniú mar amhrán cantaireachta nó rap.

Déan ceol a chothaíonn meon a chur leis:

- Ag baint úsáid as uirlisí simplí seomra ranga (féach Aguisín 2) iarr ar na páistí iarmhairt fuaimne shimplí amháin a chruthú do gach ceann de na radharcanna fráma reoite a chomhlánaíonn an giúmar nó an gníomh sa radharc sin m.sh. cnagcheol láimhe tapa do phointe drámatúil nó croiteoirí uibhe nó maidí báistí a sheinm go réir le haghaidh radharc ciúin nó brónach.
- Cuir fonn le radharc amháin: Bain úsáid as an scála peinteatonach (féach Aguisín 2) le clingíní nó uirlisí comhchosúla chun fonn gearr a chruthú do radharc amháin.

Gníomhaíocht Léirithe Ceoil:

Is é an 'Sad Procession' leis an gcumadóir Tom Lane an príomhfhonn a úsáidtear sa seó The Haircut.

Anseo thíos gheobhaidh tú scór an fhonn seo agus armóin simplí ag dul leis. Is féidir é seo a mhúineadh do do rang mar ghníomhaíocht amhránaíochta shimplí. (Tabhair faoi deara: tá an téama seo scríofa i mionghléas. Tá an gléas a thugtar anseo athraithe ón mbunleagan chun é a chur in oiriúint do ghuthanna páistí).

The Haircut Sad Procession

Tom Lane

Melody $\text{♩} = 82$

Harmony

1 m l m l m l m

5 l t d t l m l t d t l m

l m l m l m l m

9 f s l t l t l t d r m

f d f d f d f m

Armóin

- Armóin: Tabharfaidh an patrún dord athfhillteach seasta seo tacaíocht don fhonn mar sin múin an chuid seo ar dtús. Can tríd go dtí 'la' & más féidir tabhair tacaíocht leis an bpianó nó le huirlis eile. Má tá cur amach agat ar an sólfá tonach, can na siollaí sólfá & cuir comharthaí láimhe leis. Fonn: Ansin múin an chuid a bhaineann leis an bhfonn. Iarr ar na páistí 'dee' a chanadh tríd an bhfonn seo (déanfaidh sé na nótaí níos airde níos éasca). Iarr ar na páistí cur síos a dhéanamh ar chruth an fhoinn agus más rud é bhfuil sé ag dul suas nó ag síos. Féach an dtugann siad aon phatrúin rithimeacha a tharlaíonn in athuair faoi deara. Iarr orthu cruth an fhoinn a 'phéinteáil' san aer agus iad ag canadh. Ansin: Roinn an grúpa ina dhá leath. Déan cinneadh cén leath a chanfaidh an armóin agus cé acu a chanfaidh an fonn. Socraigh an buille agus can an dá chuid le chéile. Mar an gcéanna leis an scór, tosóidh an líne armóine ina haonar agus ansin ceanglóidh an fonn léi tar éis 4 bharra. Nuair a bhíonn siad ar a gcompond leis na nótaí, iarr ar an rang smaoinemh ar na háiteanna a bhféadfadh sé a bheith go maith éirí níos airde nó níos séimhe (chun dinimic a chur leis).
- Más mian leat, féadfaidh an dá ghrúpa an ceol seo a sheinm freisin ag baint úsáid as uirlisí tuinairde ar nós barraí clingíní nó cloigíní. Déan an tríú ghrúpa a chruthú agus cur ag seinm rithim shimplí ar dhrumaí iad le haghaidh tuilleadh spraoi! Bain úsáid as na naisc chuig ár 2 thaifead fuaimne treoracha thíos chun cabhrú leis na codanna seo a mhúineadh más gá:
- Ar an traic seo ar dtús cloisfidh an líne Armóine á seinm ar an bpianó, agus an fonn ina dhiaidh, agus ansin an dá chuid á seinm le chéile ina dhiaidh sin: <https://soundcloud.com/the-ark-music/sad-procession-piano-guide>
- Ar an traic seo ar dtús cloisfidh tú an líne Armóine á canadh, agus an dá chuid á gcanadh arís agus arís eile ina dhiaidh sin. <https://soundcloud.com/the-ark-music/sad-procession-sung-guide>

Cuid 3: Ag Iniúchadh Scéalta ó gach Cearn den Domhan

Cén áit ar domhan as a dtagann na scéalta?

- Abair leis an rang go bhfuarthas leaganacha den scéal seo chomh fada ó bhaile leis an nGréig, an Fhrainc, an Áise Láir, an Chóiré, an tSomáil, an Bhreatain Bheag agus Éire.
- Féach ar na háiteanna seo ar léarscáil agus léirigh cé chomh fada óna chéile atá siad.
- Eascraíonn na scéalta seo ó aimsir i bhfad sula raibh aon chineál cumarsáide idir áiteanna a bhí chomh fada sin amach óna chéile.
- Iarr ar an rang a gcuid smaointe agus moltaí a thabhairt faoin gcaoi ar roinn na háiteanna éagsúla seo go léir scéalta a bhí cosúil lena chéile.

Leaganacha difriúla ar Scéal a Léiriú:

- Sna grúpaí céanna is a rinneadh cheana tabhair leagan den scéal ó chultúr difriúil do gach grúpa (tá 6 leagan éagsúla ar fáil in Aguisín 1).
- Iarr orthu an scéal a léamh agus na difríochtaí idir an leagan seo agus an leagan sa seó a aibhsiú. (Is féidir leat an leagan Gaeilge san aguisín a úsáid mar chomparáid mura bhfuil an seó feicthe ag do rang).
- Iarr orthu an leagan seo a insint i 5 phictiúr reoite le 1 líne insinte / dialóige - ag léiriú na difríochtaí idir an dá scéal. Más mian leo d'fhéadfaidís gach pictiúr a dhéanamh beo ar feadh 10 soicind ag cur leis an ngluaiseacht agus leis an dialóg.
- D'fhéadfadh gach grúpa an leagan seo den scéal a roinnt leis an rang, más mian leo.

Leaganacha difriúla le ceol:

Fiafraigh de na páistí, dá mbeadh siad ag cruthú nó ag roghnú ceoil don leagan éagsúil seo den scéal, cén cineál ceoil a d'oirfeadh do na radhairc éagsúla, dar leo:

- An ndéanfadh siad an ceol tapa nó mall? Áit éigin idir eatarthu?
- Ard nó séimh nó áit éigin eatarthu?
- An mbeadh an ceol corraithe (staccato) nó séimh agus nasctha le chéile (legato)?
- An mbeadh an ceol domhain agus íseal nó geal agus ard in airde?
- An mbeadh amhránaíocht ann?
- Ar chóir go mbeadh móimint dhrámatúil ceoil ann chun príomhphointe sa scéal a léiriú?

Tar éis dóibh smaoineamh ar na ceisteanna seo, iarr orthu anois an leagan nua den scéal a insint sna 5 fhráma reoite arís. An uair seo tabhair dúshlán dóibh an scéal a insint i bhfuaim amháin. Níor cheart dóibh aon uirlisí ranga a úsáid ach ina ionad sin fuaimanna aimsithe a úsáid (m.sh. gnáthrudáí sa seomra ar nós pinn, leabhair, páipéar, cumhdach bolgóideach, velcro bróg srl) nó cnaguirlisí coirp (bualadh bos, greadadh na gcos, cliceanna srl) nó a nguthanna amhránaíochta chun an fuaimdhreach a chruthú (féach Aguisín 2 le haghaidh tuilleadh faoi seo). Is féidir le fuaimanna guta (á, ó srl) a bheith ina mbealach simplí agus éifeachtacha lena nguthanna a úsáid chun armóin a chanadh don ghníomhaíocht seo. Cuimhnigh ar do tobchumadóireachta d'fuaimdhreacha a thairfeadh ar ghuthán nó táibléad!

Cuid 4: Do Scéal Féin a Chruthú le Ceol

Aimsigh na hathruithe

Abair leis an rang gur oiriúnú de sheanscéal Gaeilge a bhí sa dráma a chonaic siad (The Haircut!) (féach Aguisín 1). Agus an dráma á scríobh aige, choinnigh an drámadóir bunghnéithe an scéil ach d'athraigh sé roinnt sonraí.

Cad iad na gnéithe den scéal a d'athraigh sé, dar leat? Cén fáth, dar leat, a bheartaigh sé na hathruithe seo a dhéanamh?

Iarr ar an rang smaoineamh ar ghnéithe den dráma a shileann siad a d'fhéadfadh a bheith san áireamh sa bhunscéal agus cad iad na gnéithe, dar leo, a d'oiriúnaigh agus a d'athshamhlaigh an drámadóir. Déan liosta le 2 cheannteideal agus bailigh moltaí na bpáistí faoi gach ceann díobh:

1. Eilimintí ón mbunscéal

2. Smoainte agus oiriúnuithe na ndrámadóirí féin

Do dheis – do scéal féin a oiriúnú

- Roinn an rang i ngrúpaí beaga.
- Iarr orthu scéal mór le rá a roghnú - ar nós scéal iontais dála 'Rapunzel' nó finscéal Éireannach ar nós 'Clann Lir nó 'an Bradán Feasa'. Tabhair cuireadh don rang smaoineamh ar conas a d'fhéadfaidís an scéal a oiriúnú agus a athrú le bheith tarraingteach do lucht éisteachta an lae inniu.
- Is féidir leo bunghnéithe an scéil a choinneáil mar an gcéanna ach roinnt sonraí a athrú. Is féidir leo an scéal a scríobh, é a fhorbairt mar chlár scéil nó é a léiriú don rang.
- Seo sampla a chum rang amháin bunaithe ar scéal Rapunzel: Lá amháin cheannaigh Rapunzel seampú ó mhargadh. Ar an mbuidéal seampú dúirt sé "tabharfaidh an seampú seo gruaig fhada, láidir agus lonrach duit". Nuair a bhain Rapunzel triail as an seampú, áfach, lean a cuid gruaige ag fás agus ag fás go han-tapa.

Nuair a chonaic lucht déanta an tseampú cad a tharla bheartaigh siad Rapunzel a chur i bhfolach ionas nach bhfeicfeadh aon duine eile cad a tharla di. Chuir siad í i bhfolach ar an urlár uachtarach de bhloc árasán, áit nach bhféadfadh aon duine í a fheiceáil ann. Sa deireadh déanann sí rópa as a cuid gruaise féin ionas gur féidir léi dreapadh síos as an bhfuinneog agus éalú!

Do dheis: ag déanamh ceoil do do scéal nua

- Tóg amach uirlisí an tseomra ranga (féach Aguisín 2).
- Eagraigh d'ionstraimí de réir catagóire - gaotha adhmaid, miotal, croiteoir, drumma, sreangán srl.
- Tabhair catagóir uirlise amháin do ghrúpaí éagsúla sa rang.
- Déan buille seasta nó rithim shimplí a chur ar bun.
- Lig do gach grúpa uirlise an rithim a sheinm ceann i ndiaidh a chéile ag ligean don rang na teaghlaigh fuaimne éagsúla a chloisteáil.
- Bain triail as fuaimneanna a chomhcheangal lena chéile trí ghrúpaí éagsúla a nascadh.
- Iarr ar na páistí grúpaí uirlisí agus comhcheangail a roghnú a chruthaíonn uigeacht fuaimne suimiúil.
-
- Fiafraigh de na páistí cad a cheap siad faoin socrú? Cad iad na grúpaí d'uirlisí a réitigh go maith lena chéile agus cén fáth?
- Anois, agus iad ag smaoineamh ar a scéal nuachruthaithe ón ngníomhaíocht a rinne siad roimhe seo, an mbeadh an ceol atá á sheinm ag teacht le haon chuid den scéal sin? An ndéanfaidh siad aon athrú air chun é a chur in oiriúint dó?
- Tá na páistí ag cumadh agus ag socrú ceoil anois.

Ag imirt le huimhreacha

- Déan Ciorcal.
- Tabhair uimhreacha do gach páiste ó 1 go 4 (nó níos airde más mian leat)
- Téann na lanna go léir le chéile, téann na 2anna go léir le chéile srl.
- Tóg amach ionstraimí go randamach nó de réir na gcatagóirí ionstraimí m.sh. adhmaid, miotal srl (féach Aguisín 2).
- Féadfaidh sé seo a bheith chomh randamach agus is mian leat agus is iontach an spraoi é do na páistí iad a roghnú.
- Anois, socraigh ar shocrú ceoil ag baint úsáid as na huimhreacha de na grúpaí.

Sampla de Shocrú:

Seinneann gach grúpa
Seinneann 4 + 2
Grúpa 4 amháin ag seinm
Seinneann Grúpa 3 + 1
Grúpa 1 amháin ag seinm
Seinneann gach grúpa
Críoch

-

Socraigh buille seasta.

Tabhair nod do na grúpaí chun an socrú a sheinm ar bhealaí éagsúla:

- Glaoigh amach uimhir an ghrúpa.
- Díreach do mhéar ar na huimhreacha atá scríofa ar an gclár.
- Déan comhartha i dtreo an ghrúpa nó féach ar ghrúpa.
- Cuir suas cártaí a bhfuil uimhreacha orthu mar noda.

Nuair a fhaigheann na páistí an smaoineamh, tabhair seans do na páistí éagsúla an ceol a stiúradh agus an ceol a roghnú mar is mian leo ag baint úsáideas aon cheann de na modhanna thuas. Leis sin, b'fhéidir gur mhaith leo triail a bhaint as an gceol a atheagrú agus a gcuid socruithe nua a stiúradh.

Amhrán aitheantais na gcarachtar: Do scéal a nascadh le ceol

Anois tabhair carachtar, príomhrud nó suíomh ó do scéal oiriúnaithe nua ón 'ngníomhaíocht do scéal féin a oiriúnú' thuas do gach grúpa in ionad uimhir.

m.sh Rapunzel = grúpa 1

-Buidéal Seampú = grúpa 2

-Déantóirí Seampú= grúpa 3

An bloc árasán = grúpa 4

- Ina ngrúpaí, iarr ar na páistí smaoineamh ar cheart dóibh na cineálacha uirlisí agus fuaimeanna i ngach grúpa a athrú anois ionas go n-oireann siad don charachtar nó don rud atá á léiriú acu. Conas a d'fhéadfaidís na huirlisí atá á n-úsáid acu agus/nó conas atá na huirlisí atá acu a sheinm chun gné an scéil a chur in iúl tríd an gceol? M.sh B'fhéidir go roghnódh an grúpa Rapunzel barraí clingíní ar scála peinteatonach (féach aguisín 2) ionas gur féidir leo fonn aoibhinn a chruthú chun í a léiriú; d'fhéadfadh drumáí nó cnaguirlisí ísle a bheith oiriúnach do Dhéantóirí an tSeampú mar na 'drochdhaoine'.
- Déan do shocrú a léiriú arís agus úsáid á bhaint agat as ainmneacha na gcarachtar/rudaí/suíomhanna chun gnéithe éagsúla a chur sa tsiúl in ionad uimhreacha. Déan arís é le páistí éagsúla ach é a stiúradh mar a rinneadh cheana.
- Ná déan dearmad chun do chumadóireacht a thaifeadadh agus déan nóta de na huirlisí a cuireadh le chéile.
- Más féidir, déan do scéal nua a léiriú le ceol do rang eile sa scoil.

Cuid 5: Tuilleadh Gníomhaíochtaí Trascúraclaim

OSPS:

Moráltacht an scéil a fhiosrú - Plé Ranga

I leaganacha áirithe den scéal Gaelach tugtar cluasa capaill don Rí mar go dtugann sé cic do chapall agus drochghiúmar air agus tugann seanbhean a raibh cumhachtaí draíochta aici cluasa capaill dó mar phionós as a bheith cruálach ar ainmhí.

—

- An athraíonn sé seo an scéal?
- An mothaíonn tú difriúil faoin Rí más rud é go dtugadh cluasa capaill dó mar phionós?
- An gá dúinn a fheiceáil go bhfuil an Rí cineálta anois le hainmhithe mar go raibh náire air faoina iompar chomh maith le náire faoi na cluasa?

Difríochtaí morálta

Nuair a bhíonn na leaganacha éagsúla de na scéalta feicthe iarr ar an rang smaoineamh ar na teachtaireachtaí nó ar an mhoráltacht dhifriúil i ngach ceann acu. Mar shampla, i leaganacha áirithe is é an teachtaireacht ná nár cheart náire a bheith ar an Rí as a chluasa mar is cuma mar gheall ar an gcuma fhisiciúil atá ar dhuine agus is cuma mar gheall ar difríochtaí fisiceacha, agus i gcásanna eile tá an mhoráltacht dírithe ar an mbearbóir, ag rá nár cheart duit rud éigin a dúradh leat mar rún a roinnt.

Iarr ar an rang na ceisteanna seo a phlé ina mbeirteanna:

1. Ar cheart duit rún a choinneáil i gcónaí? An bhfuil amanna ann nuair is é an rud 'ceart' le déanamh ná rún a roinnt? An bhfuil amanna eile ann nuair nár cheart duit rún a roinnt? Cad a tharlaíonn nuair a scaoiltear rún ar deireadh?
2. An bhfuil gníomhartha níos tábhachtaí ná an chuma atá ar dhuine éigin? An iad gníomhartha an duine na rudaí a léiríonn luach an duine, seachas an chuma atá orthu?

Díospóireacht Ghluaisteach: Aontaím nó Easaontaím

Nuair a bheidh na smaointe seo pléite ag an rang ina mbeirteanna mínigh go bhfuil siad chun na smaointe seo a iniúchadh tuilleadh.

Cuir comhartha suas ar thaobh amháin den seomra a deir Aontaím go hiomlán agus ar an taobh eile ceann a deir Easaontaím go hiomlán.

Inis don an rang go bhfuil tú chun iarraidh orthu smaoineamh ar cheann de na ceisteanna a bhí á bplé acu – ar nós “Tá sé i gcónaí mícheart rún a roinnt” ag míniú go n-iarrfar orthu vótáil lena gcosa má aontaíonn nó mura n-aontaíonn siad. Más rud é, mar shampla, go gceapann siad go bhfuil sé mícheart i gcónaí rún a roinnt ba chóir dóibh seasamh ina aice leis an gcomhartha a deir ‘Aontaím go hiomlán’ nó mura n-aontaíonn siad ba chóir dóibh seasamh leis an gcomhartha a deir ‘Easaontaím go hiomlán’ - nó is féidir leo seasamh in áit éigin idir an dá sheasamh ach rogha a léiriú ar bhealach amháin nó ar an mbealach eile. Tar éis do na na daltaí vóta a chaitheamh lena gcosa, d’fhéadfaí iarraidh 14 orthu a mhíniú cén fáth ar shocraigh siad seasamh sa suíomh sin.

Ráiteas 1: Tá sé i gcónaí mícheart rún a roinnt"

Sa leagan ón Somáilis deirtear leis an mbearbóir 'mar gheall ar rún an Rí a insint, caithfidh tú an chuid eile de do shaol i bpríosún agus foghlaiméidh tú go bhfuil sé i gcónaí tábhachtach do ghealltanais do dhaoine eile a choinneáil agus gan rún a roinnt! Cad a cheapann tú - an bhfuil sé i gcónaí mícheart rún a roinnt? Aontaím nó Easaontaím.

Ráiteas 2: An bhfuil tábhacht leis an gcuma atá ar dhuine?

An gcheapann tú go raibh an ceart ag an Rí a rún a choinneáil faoi cheilt de bharr nach mbeadh Rí le cluasa capaill air ag teastáil ón bpobal nó an amhlaidh go ndéanann an éagsúlacht seo Rí níos fearr den Rí? Aontaím nó Easaontaím.

Ráiteas 3: An bhfuil macántacht i gceist?

Beidh an Rí ina rialóir níos fearr tar éis a rún a scaoileadh mar ní bheidh aon rud le cur i bhfolach aige agus beidh sé níos oscailte agus macánta. Aontaím nó Easaontaím.

Litearthacht:

I ról am Iriseora - Tuarascálacha Nuachtáin

Iarr ar an rang a shamhlú gur iriseoirí iad ag Pálás an Rí ar an lá a nochtar rún an Rí agus go bhfoghlaímíonn gach duine faoina chluasa. Iarr orthu ceannlíne agus alt a scríobh ag cur síos ar an méid a tharla. San alt, d'fhéadfaidís agallaimh le daoine eile a bhí i láthair ag an am a chur san áireamh, lena n-áirítear an ceoltóir, an bearbóir, aoi, leanbh, Rí eile, duine de na cócairí.

B'fhéidir go bhfuil daoine áirithe ann nach bhfuil sásta gur nocht sé a rún - ar nós daoine a dhéanann a chróin dó agus a chlúdaigh cinn mar d'fhéadfadh laghdú suntasach a theacht ar a ngnó anois go bhfuil an rún scaoilte ag an Rí. D'fhéadfadh na daltaí ról a ghlacadh mar iriseoir agus mar bhreathnóirí agus na hagallaimh a athghníomhú ar dtús sula scríobhann siad don alt iad. Le chéile d'fhéadfadh siad teacht suas le sraith ceisteanna a d'fhéadfadh an t-iriseoir a chur ar nós - cá raibh tú nuair a bhris an scéala faoi chluasa an Rí? Cad a rinne tú? Cad a cheap tú? Cad a d'fhéadfadh tarlú ina dhiaidh sin, dar leat?

Ina ngrúpaí, d'fhéadfaidís leathanach tosaigh an nuachtáin a chruthú le ceannlínte, ailt, agallaimh agus pictiúir.

Amharcealáin:

Déantóirí na gCorón don Rí

Dhéan sraith corónacha nó clúdaigh chinn a dhearadh don Rí a choinneadh a chluasa i bhfolach. B'fhéidir go bhféadfaí na clúdaigh chinn seo a chaitheamh i séasúir éagsúla, le haghaidh imeachtaí ar leith nó d'fhéadfadh go mbeadh cuspoirí éagsúla acu mar rud a d'fhéadfadh sé a chaitheamh agus é ag sciáil, ag snámh san fharraige, ag dul chuig cóisir, sa bhfolcadh.

Aguisín 1: Cúlra an Scéil & Leaganacha Éagsúla

Eolas Cúlra: Iliomad Ríthe le capaill (nó asail) cluasa ó gach cearn den domhan

Tá tarraingt uilíoch ag an scéal atá i gcoilár The Haircut agus sa phacáiste seo do sheomraí ranga mar go bhfuil leaganacha den scéal seo le fáil i gcultúir agus i dtraidisiúin éagsúla ar fud an domhain, lena n-áirítear ón tSean-Ghréig, an Fhrainc, an tSomáil agus an Bhreatain Bheag. Sna scéalta seo go léir tugtar cluasa asail nó capaill do rí nó d'impire, mar gheall ar mhí-ádh éigin, agus déanann siad gach iarracht chun an rún seo a cheilt - a gcuid gruaise a fhás go fada, hataí nó corónacha móra a chaitheamh. Tá an té a roghnaítear chun gruaise an Rí a ghearradh ansin faoi cheangal rúndachta go minic ar eagla an bháis nó an phionóis. Mar sin féin bíonn cruatan uafásach ag baint leis an rún a choinneáil agus faoi dheireadh bíonn orthu scaoileadh leis an rún, m.sh isteach i dtobar nó isteach i bpoll sa talamh.

Is í an tuairim atá ann faoi láthair ná go dtéann an tagairt bhunaidh don Rí le Cluasa an Asail an bealach ar fad siar go dtí an Rí Tarkasnawa, Rí na Hiteach (in iarthar na Tuirce sa lá atá inniu ann) timpeall na bliana 1600 R.Ch. Agus más fíor sin, b'fhéidir go bhfuil leaganacha éagsúla den scéal seo á n-insint leis na mílte bliain! Cé go bhfanann bunghnéithe an scéil mar a chéile, tá éagsúlachtaí i ngach leagan den scéal. Uaireanta bíonn cluasa capaill ag an Rí, uaireanta eile bíonn cluasa asail aige. Is minic a athraíonn an áit a roghnaíonn an bearbóir chun an rún a roinnt - mar shampla, b'fhéidir go gcuirfeadh sé an rún isteach i bpoll sa talamh, isteach i dtobar, le crann (crann saileach ach go háirithe), nó go paiste giolcach. Athraíonn an uirlis a nochtann an rún freisin - d'fhéadfadh phíb, cláirseach, nó an ghaoth a bheith ann.

Nóta ar na foircinn éagsúla:

Is féidir le athrú teacht ar dheireadh an scéil agus ar mhoráltacht an scéil - mar shampla d'fhéadfadh an bhéim a bheith ar an tuairim nach féidir caighdeán duine a mheas de réir an chuma atá orthu ach i leaganacha eile den scéal, mar shampla sa scéal ón tSomáilis, baineann moráltacht na an scéil le geallúintí a choinneáil agus gan rúin a scaoileadh, mar sin sa leagan seo caithfidh an bearbóir bocht an chuid eile dá shaol a chaitheamh sa phríosún mar gur bhris sé a gheallúint don Rí.

Téama eile i gcuid de na scéalta is ea gur féidir le duine ar bith, fiú an Rí, teacht ar an saol le difríocht fhisiceach agus caithfidh sé foghlaim conas glacadh leis agus a bheith bródúil as an rud a dhéanann difriúil agus uathúil é.

Leaganacha éagsúla den scéal ó ar fud an domhain:

1. Leagan Gaeilge:

De réir fhinscéalta na hÉireann, bhí Rí Labhraí Loingseach ann ar tugadh cluasa capall dó mar phionós nuair a bhí sé óg as a bheith cruálach ar chapall. Bhí an oiread sin náire agus áiféala ar an Rí gur bheartaigh sé gan a ghruaig a ghearradh ach uair sa bhliain agus cuireadh an bearbóir a toghadh chun a chuid gruaige a ghearradh chun báis chomh luath agus a chuirfeadh sé deireadh leis an gcúram. Nuair a chuala baintreach gur togadh an t-aon mhac a bhí aici chun gruaig an Rí a ghearradh, d'impigh ar an Rí gan é mharú, agus sa deireadh d'aontaigh sé leis sin chomh fada is go gcoinneodh a mac an rún. Mar sin féin bhí an dualgas a bhain leis an rún a choinneáil chomh trom sin gur éirigh an bearbóir óg tinn. Chuir draoi comhairle ar an mbearbóir dul isteach sa choill agus a rún a insint do shaileach mór i lár an choill, agus go mbainfeadh sé sin an t-ualach dó. Rinne an bearbóir óg an mhéid a mhol an draoi agus bhraith sé níos fearr láithreach bonn.

Tamall ina dhiaidh sin áfach, b'éigean do chláirseoir an Rí cláirseach nua a dhéanamh. Mar sin chuaigh sé isteach sa choill chun saileach a ghearradh anuas chun cláirseach nua a dhéanamh agus tharla gurb é an crann a ghearr sé an crann a d'inis an bearbóir an rún dó. Nuair a seinneadh an chláirseach nua don Rí, chan an cláirseach amach "Tá cluasa an chapail ar Labhraí Loingseach". Bhí fearg mhór ar an Rí ar dtús ach d'admhaigh sé a rún ar deireadh agus as sin amach bhí an té a ghearr a chuid gruaige slán agus níor cuireadh chun báis iad ina dhiaidh sin.

2. Leagan comhdhlúite ón Áise:

Finscéal ársa ón Áise Láir, bhí cluasa asail ar Rí na hOssounes. Chuir sé i bhfolach iad agus d'ordaigh sé go marófaí gach duine dá mbearbóirí ionas nach bhféadfadh siad a rún a insint. Moladh do dhuine de na bearbóirí, áfach, an rún a rá i gcogar isteach i dtobar tar éis luí na gréine, ach níor chuir sé an clúdach ar ais ar an tobar ina dhiaidh sin. D'ardaigh uisce an tobair suas agus bhí tuilleadh i ríocht an Rí, ag scaoileadh an rúin agus ag cruthú loch mór ar a dtugtar Loch Issyk-Kul.

3. Leagan King Midas ón tSean-Ghréig

Rí miotasach a bhí i Midas a raibh cáil air mar gheall ar a chumas aon rud a leag sé lámh air a iompú isteach ina ór. Bhí cáil air freisin mar gheall ar thréith mhí-ámharach; tugadh cluasa asail dó mar phionós nuair a bhí sé ina bhreitheamh i gcomórtas ceoil.

Bhí an comórtas idir Apollo, a bhí ar cheann de na Déithe is mó sa tSean-Ghréig - bhí sé ina Dhia na gréine, an tsolais, an eolais, an cheoil, na healaíne agus na filíochta agus Pan - Dia na n-aoirí, na gcaorach agus na ngabhar. Dúirt Pan go bhféadfadh a fheadóg port níos áille a sheinm ná cláirseach amaideach Apollo. Mar sin, socraíonn siad ar chomhrac ceoil a bheith acu agus roghnaíodh an Rí Midas mar cheann de na moltóirí. Roghnaigh na moltóirí go léir Apollo mar bhuaiteoir seachas Midas, a roghnaigh Pan. Bhí an oiread sin fearg ar Apollo le Midas go ndúirt sé "Caithfidh gurb í an fhadhb atá agatsa ná do chluasa, tá siad ró-bheag", agus chuir sé Midas faoi dhraíocht agus thug cluasa asal dó.

Bhí an oiread sin uafáis ar an Rí Midas gur chuir sé a chluasa i bhfolach ón lá sin ar amach le hataí móra, turbain, clogaid agus scairfeanna. Ba é an bearbóir an t-aon duine a raibh an mhéid sin ar eolas aige air agus chuir Midas iallach air geallúint nach n-inseodh sé an rún go deo. Choinnigh an bearbóir a gheallúint ach bhí sé ite ag an rún agus ar deireadh chuaigh sé suas sliabh, agus thochail sé poll i measc na ngiolcach. D'fhéach sé thart le cinntiú nach raibh aon duine ag éisteach agus ansin dúirt sé isteach sa pholl "Tá cluasa asail ag an Rí Midas. Cluasa asail an rí! Cluasa asail an rí!" Mhothaigh sé i bhfad níos fearr nuair a scaoil sé leis an rún agus d'fhill sé abhaile agus áthas air, ach fós féin bhí sé cinnte nár bhris sé a fhocal leis an Rí.

Mar sin féin, aon uair a shéid an ghaoth tríd na ngiolcach d'fhéadfaí guth a chloisteáil a dúirt "Tá cluasa asail ag Midas. Cluasa asail an rí! Cluasa asail an rí!", agus thaistil an fhuaim go maith isteach sna sléibhte. Sara bhfad bhí rún an Rí ar eolas ag gach duine sa Ríocht. Fuair Midas amach go raibh an rún scaoilte ag an mbearbóir agus ar dtús bhí sé chun é a mharú, ach shocraigh sé gan é a mharú. Chinn Apollo ansin go raibh an Rí Midas tar éis a bhealaí a athrú agus thug sé gnáthchluasa dó arís.

<https://www.ancient.eu/midas/>

4. An Rí a raibh Cluaise Asal air - Scéal ón tSomáilis

Fadó fadó, bhí Rí ann a raibh cluasa flapacha air, a bhí díreach cosúil le cluasa asail. Bhí náire ar an Rí faoina chluasa agus chlúdaigh sé iad i gcónaí nuair a bhí sé i measc an phobail ionas nach mbeadh a fhios ag aon duine faoina rún. Ba é an t-aon duine a chonaic cluasa an Rí riamh ná a ghruagaire. Is minic a thug an Rí foláireamh don ghruagaire, 'Caithfidh tú geallúint nach n-inseoidh tú do dhuine ar bith go bhfuil cluasa asail agam nó cuirfidh mé tú chun príosúin, áit a fhanfaidh tú don chuid eile de do shaol'.

Bhí sé an-deacair ar an gruagaire an rún seo a choinneáil mar bhí sé ag iarraidh an scéal faoi chluasa an Rí a insint do mhuintir an bhaile uile, ach chuimhnigh sé i gcónaí ar rabhadh an Rí agus mar sin choinnigh sé an rún chuige féin ar feadh na mblianta fada.

Ach maidin amháin, dhúisigh an gruagaire agus bhí a fhios aige nach bhféadfadh sé an rún a choinneáil leis féin a thuilleadh. Shiúil sé amach as an sráidbhaile isteach faoin tuath agus nuair a bhí sé cinnte go raibh sé ina aonar, tháinig sé ar phaiste féarach mín agus thosaigh sé ag tochailt lena lámha go dtí go ndearna sé poll a bhí an-domhain. Chlaoon sé isteach sa pholl agus scairt sé ar bharr a ghutha, 'Tá cluasa asail ar an Rí! Tá cluasa asail ar an Rí!' Nuair a bhí rún an Rí scaoilte aige, mhothaigh an gruagaire i bhfad níos fearr. Ansin chlúdaigh sé an poll le cré agus féar agus d'fhill ar a bhaile, ag rá leis féin nár bhris sé a fhocal leis an Rí.

Blianta fada ina dhiaidh sin, bhí scoil nua á tógáil acu agus tógadh an clós súgartha go díreach san áit a s scaoil an gruagaire an rún isteach sa pholl. Lá amháin, d'aimsigh buachaill óg an poll agus nuair a ghlán sé an chré uaidh chuala gach páiste guth ard a dúirt ...

"Tá cluasa asail ar an Rí! Tá cluasa asail ar an Rí!" Bhí an-iontas ar na leanaí glór an ghruagaire a chloisteáil, agus bhí siad sna trithí ag gáire faoi rún an Rí. An tráthnóna sin, d'inis na leanaí an rún dá dtuismitheoirí agus d'inis na tuismitheoirí an rún don chuid eile dá dteaghlach agus dá gcairde go léir. Go sciobtha, bhí a fhios ag an sráidbhaile go léir faoi chluasa an Rí agus bhí siad go léir lag ag gáire mar bhí a fhios acu anois faoin bhfáth a chlúdaigh an Rí a cheann i gcónaí nuair a bhí sé i measc an phobail.

Ba ghearr gur thuig an Rí go raibh a rún ar eolas ag gach éinne agus bhí náire agus fearg mhór air. Chuimhnigh an Rí nach raibh a fhios ach ag fear amháin faoina chluasa asail agus mar sin dúirt sé lena ghardaí an fear a chaitheamh isteach sa phríosún áit ar dúradh leis go gcaithfeadh sé an chuid eile dá shaol ann.

D'iarr an gruagaire ar an Rí é a ligean amach, ach dúirt an Rí leis an gruagaire, 'Gheall tú dom nach roinnfeá mo rún ach ní fhéadfá é a choinneáil chugat féin. Bhí muinín agam asat agus rinne tú feall orm. Mar sin caithfidh tú an chuid eile de do shaol sa phríosún agus foghlaimoidh tú go bhfuil sé tábhachtach i gcónaí do ghealltanais a choinneáil do dhaoine eile agus gan rún a scaoileadh.' Agus mar sin d'fhan an gruagaire sa phríosún ar feadh an chuid eile dá shaol agus bhí aiféala air i gcónaí tar éis dó rún an rí a scaoileadh nuair a gheall sé gan é a dhéanamh.

<http://worldstories.org.uk>

5. An Rí a raibh Cluasa Capaill air ón gCóiré.

Bhí rí ann tráth a raibh fadhb mhór aige. Dhúisigh sé maidin amháin agus fuair sé amach go raibh a chluasa tar éis fás thar oíche. Lean a chluasa ag fás ar feadh 3 lá go dtí go raibh siad chomh mór le cluasa asail. Bhí an-imní air mar cheap sé nach mbeadh meas air mar Rí agus cluasa chomh mór sin air. Ní raibh sé ag iarraidh go mbeadh daoine ag gáire faoi agus mar sin bhí sé ag ligean air go raibh sé tinn agus d'fhan sé istigh, gan dul amach. Ansin lá amháin cheap sé go n-iarrfadh sé cabhair ó dhéantóir hataí cáiliúil. Thug sé cuireadh don déantóir hataí teacht go dtí an bPálás agus d'iarr sé air hata mór a dhéanamh dó chun a chluasa a chlúdach, ach dúirt sé má insíonn tú do dhuine ar bith faoi mo chluasa go marófaí é. Nuair a chonaic an déantóir hataí cluasa asail an Rí theastaigh uaidh pléascadh amach ag gáire ach bhí a fhios aige nach bhféadfadh sé gáire a dhéanamh os comhair an Rí agus dhún sé a bhéal go docht daingean. Rinne an déantóir hataí hata mór a chlúdaigh cluasa an Rí go hiomlán agus bhí an Rí chomh sásta sin gur inis sé do chách go raibh sé ag mothú i bhfad níos fearr agus gur thosaigh sé ag imeacht amach arís. Ach d'éirigh an saol an-deacair don déantóir hataí mar gach uair a smaoinigh sé ar chluasa an Rí thosaigh sé ag gáire agus ní fhéadfadh sé stopadh. Bhí sé gáire an t-am ar fad – de ló agus oíche. Dhéanfadh sé gáire agus é ag ithe, agus é ag siúl an bhóthair, fiú nuair a bhí sé ina chodladh. Nuair a d'fhiafraigh aon duine de cad chuige a raibh sé ag gáire, bhí air "rud ar bith, faic na ngrást" a rá mar bhí a fhios aige nach bhféadfadh sé an rún a insint d'aon duine. Thosaigh daoine ag rá go raibh an déantóir hataí as a mheabhair mar bhí sé i gcónaí ag gáire leis féin agus mhothaigh an déantóir hataí go raibh sé ag éirí saghas craiceáilte. Bhí sé chomh deacair an rún a choinneáil nuair a bhí sé go raibh sé le ceangal ag iarraidh é a insint do dhuine éigin.

Deirtear nuair a choinníonn tú rud éigin chugat féin gur mhaith leat a rá go bhféadfadh tú a éirí tinn go leor agus go luath d'éirigh an té a bhí tinn go leor é féin. Ach ní raibh sé ag iarraidh an rún a insint do dhuine agus mar sin chuaigh sé go foraoise bambú agus scairt sé isteach sna crainn "Is cluasa asail iad cluasa an Rí. Is cluasa asail iad cluasa an Rí." Nuair a bhí an rún roinnte aige bhraith sé níos fearr mar go raibh meáchan ollmhór bainte as a bhrollach. Mar sin féin tharla rud aisteach. Gach uair a shéid an ghaoth tríd an bhforaois bambú bhí guth le cloistéáil á rá "Is cluasa asail iad cluasa an Rí. Is cluasa asail iad cluasa an Rí." Fiú nuair a d'ordaigh an Rí an fhoraois bambú a ghearradh síos d'fhéadfaí na focail a chloistéáil fós ar an ngaoth gach uair a shéid an ghaoth agus mar sin thuig an Rí nach raibh aon chiall leis an rún a choinneáil. I leagan amháin ón gCóiré Theas - deir an déantóir hataí leis an Rí "ná bíodh náire ort as do chluasa, is bronntanas ó Dhia iad agus is féidir leat iad a úsáid chun a chinntiú go n-éistean tú go maith le do mhuintir" a dhéanann an Rí agus mar sin a bheith ina dhuine níos fearr.

Foinse an leagain seo - Achoimre ar Korean Stories For Language Learners: Traditional Folktales in Korean and English le Julie Damron agus EunSun You, Foilsithe ag Tuttle Publishing 2018

6. Leagan ón mBreatain Bheag - Rí March

Fadó fadó, bhí Rí darbh ainm March Ab Meirchion sa Bhreatain Bheag. Trádálaí farraige iontach ab ea an Rí March agus bhí grá ag daoine dó mar gur Rí cothrom, cineálta agus flaithiúil é. Bhí gach saibhreas agus maoin a raibh ag teastáil uaibh aige agus dá bharr cheapfa go mbeadh sé ina fhear sona sásta ach bhí rún mór aige a raibh náire air faoi agus bhí faitíos air go scaoilfí é.

Ba é an rún a bhí aige ná gur rugadh é le cluasa capaill air. D'fhás an Rí March a chuid gruaige go han-fhada agus chaith sé coróin speisialta chun a dhifriocht fhisiciúil a cheilt. Ba é an bearbóir Bifan an t-aon duine a raibh a rún mór ar eolas aige. Chuir an Rí March iallach ar Bhifan mionn a ghlacadh nach nochtfaid sé a rún go deo agus dá scaoilfeadh é an rún riamh go ndéanfadh an Rí cinnte de go mbainfí a cheann do. Thar na blianta d'fhan an rún faoi cheilt. Tháinig rath ar Ríocht March agus bhí áthas ar gach aon duine sa phobal, ach amháin Bifan, a bhí an-suaite de bharr go raibh air an rún a choinneáil chuige féin. Chuaigh sé go dtí an dochtúir, a dúirt le Bifan go raibh sé ag fulaingt toisc go raibh rún mór á choinneal aige chuige féin agus dá dteastódh uaidh é féin a leigheas go mbeadh air an rún a roinnt.

Bhí diomá ar Bifan - ní raibh sé ag iarraidh a cheann a chailleadh ach ní raibh sé ag iarraidh bás a fháil leis an dúlagar ach oireadh. Ansin mhol an dochtúir dó go mb'fhéidir go mothódh sé níos fearr dá roinneadh sé an rún leis an gcré. Mar sin chuaigh Bifan go dtí áit fhiáin a bhí scoite amach ó gach aon áit eile, áit a raibh abhainn ann agus giolcacha ar gach taobh dó. Luigh sé ar an talamh agus d'inis a rún don chré i gcogair. Bhraith sé níos fearr láithreach bonn agus níorbh fhada gur tháinig biseach air.

Tamall ina dhiaidh sin, chinn an Rí March ar fhéile mhór a bheith aige agus d'iarr sé ar an piobaire ba mhó sa Bhreatain Bheag teacht chun seinm ag an bhféile. Ar an mbealach go dtí an fhéile chinn an piobaire ar ghiolcacha a ghearradh chun píob a dhéanamh le seinm ag an bhféile. Mar a tharla sé, ghearr sé síos na giolcacha san áit inar inis Bifan a rún don chré. Lá na féile móire, sheas an piobaire suas chun a phíob a sheinm ach nuair a thosaigh sé ag seinm na pípe b'é an t-aon fhuaim a tháinig amach aisti ná na focail "Tá cluasa capaill ar an Rí March" arís agus arís eile. Bhí náire an domhain ar an Rí Márta agus le teann feirge tharraing sé a chlaíomh amach chun an piobaire a mharú ach d'impigh an piobaire air trócaire a léiriú dó, ag míniú dó nach raibh an locht air féin agus nár theastaigh uaidh ach píob nua a dhéanamh le seinm don Rí agus dá aíonna. Sheas Bifan suas ansin agus dúirt sé leis an Rí go raibh an rún a dhéanamh tinn agus dá bharr gur inis sé leis an gcré é. D'ardaigh an Rí March a chlaíomh chun an bearbóir a mharú ach go tobann phléasc sé amach ag gáire. Mhothaigh sé faoiseamh mór go raibh an rún scaoilte agus bhain sé a choróin de chun a chluasa capaill ollmhóra a thaispeáint dá aíonna go léir. In ionad a bheith ag magadh agus ag gáire faoin Rí thug na haíonna go léir moladh dó as a bheith cróga go leor chun a chluasa a thaispeáint go poiblí. Thuig March nárbh é an chuma a bhíonn ar dhuine an mhéid a bhíonn tábhachtach, ach caighdeán a ghníomhartha. Ón lá sin amach choinnigh sé a chuid gruaise gearr ionas go bhfeicfeadh an domhan é ina cheart agus go dtabharfadh daoine breithiúnas air de réir a ghníomhartha agus ní de bharr an chuma a bhí air.

<https://folkrealmstudies.weebly.com/welsh-legends-king-marchs-ears.html>

Aguisín 2: Nótaí Ginearálta ar Chumadh Ceoil sa Seomra

Uirlisí Seomra Ranga

Go hidéalach, beidh stór d'uirlisí éagsúla agus suimiúla ag do scoil. Mura bhfuil, is fiú go mór infheistíocht réasúnta beag a dhéanamh ann. Is féidir iad seo a roinnt i gcatagóirí (nó teaghlaigh) d'fuaimeanna éagsúla - adhmaid, miotal, croiteoirí, drumaí, teaghráin agus mar sin de. Is pointe tosaigh iontacha iad cnaguirlisí nach bhfuil ard ar nós drumaí beaga láimhe, croiteoirí agus maidí báistí chun stór d'uirlisí ranga a chur le chéile.

Tugann cnaguirlisí tuinairde cosúil le cloigíní láimhe agus barraí clingíní deis iontach duit chun tosú ag obair le fonn. Féach an rannán 'Cumadóireacht agus uirlisí' thíos le haghaidh tuilleadh eolais orthu seo a úsáid.

Uirlisí a dhéanamh: Mura bhfuil na hacmhainní agat chun uirlisí a cheannach, d'fhéadfadh cinn simplí atá lámhdhéanta a bheith an-éifeachtach freisin. Má dheantar cartáin agus prócaí úsáidte a líonadh le rís nó pasta, is bealach saor agus éasca é seo chun croiteoirí a dhéanamh. Cruthóidh coimeádáin déanta as cárta, plaisteach agus gloine tuineacha ceoil difriúla sna croiteoirí. Is drumaí maithe iad potaí agus pannaí i gcónaí! Is féidir le seaneochracha agus leicneáin atá ceangailte le téadán bheith ina gcloigíní gaoithe draíochta agus aoibhne. Is drumaí iontacha iad cannaí stáin nó boscaí Pringle. Déanann cipíní itheacháin maidí druma láidre agus is féidir scuaba péinte a úsáid mar mhaidí druma chun fuaim níos boige a chruthú.

Is gné thábhachtach den churacclam ceoil é fuaimeanna a iniúchadh agus is é an bunús a bhíonn ag gach saothar ceoil. Ba chóir am a thabhairt do pháistí triail a bhaint as conas fuaimeanna a chruthú le huirlisí éagsúla ranga. Mar shampla, spreag na páistí chun drumaí a bhualadh leis an lámh, chun iad a chuimilt nó iad a bhualadh le barra na méar chomh maith le triail a bhaint as cineálacha éagsúla maidí (máilléadaí) a bhfuil barraí boga nó cruacha orthu nó chruacha (m.sh. cipíní nó scuaba péinte) le cloisteáil conas a chruthaíonn gach bealach imeartha cineál difriúil fuaim.

Taiscéaláíocht Fuaim Aimsithe, Guth agus Corp

Tá fuaimeanna timpeall orainn go léir agus má bhreathnaímid ar an méid atá timpeall orainn is féidir sé saibhreas fuaimeanna aimsithe iontacha a nochtadh le hiniúchadh.

Tá seomraí ranga lán de roghanna ar féidir iad a iniúchadh ó thaobh an cheoil de: cnagadh méar ar thoscán adhmaid vs radaitheoirí miotail agus doirtíl, ballaí, urláir agus doirse, duilleoga a chur ag siosarnach agus craobhóga a bhriseadh, páipéar a sracadh, a lúbadh nó a chrapadh, cumhdach bolgóideach a phléascadh, leathaigh i leabhair a lascadh agus mar sin de.

Go bunúsach, Is é An Guth ár gcéad uirlis agus ár bpríomhbhealach cumarsáide. Tá solúbthacht iontach aige - idir chaint, amhránaíocht agus níos mó. Leis an nguth, is féidir linn mothúcháin a chur in iúl láithreach, dinimic a léiriú, aithris a dhéanamh ar ainmhithe, innealra, carachtair, an aimsir agus mar sin de.

Ba chóir páistí a spreagadh chun bheith ag canadh, ag portaireacht agus le hiniúchadh a dhéanamh ar a nguthanna ar bhonn rialta ionas go bhforbróidh siad muinín gutha, cruthaitheacht agus solúbthacht. Is bealach spraiúil inrochtana iad Cnaguirlisí Coirp chun fuaim a chur ina steillbheatha agus tuiscint fhisiciúil láidir a chruthú ar bhuille agus ar rithim. I measc na bhfuaimneanna de chnaguirlisí coirp tá: bualadh bos, cnámh na leise a bhualadh, greadadh na gcos, cliceanna agus lascanna a dheanamh leis na méara, glór pop a dhéanamh leis na leicne, an cliabhrach a chnagadh, cliceanna teanga srl. Má úsáidtear bualadh bos ar dhromchla deasc i gcomhar le fuaimneanna cnaguirlisí coirp, tiocfaidh athrú ar uigeachtaí na fuaim, rud a d'fhéadfadh athrú mór a dhéanamh ar an gceol. Tá spraoi iontach ag baint le páirtithe a roghnú chun patrúin cnaguirlisí coirp a chruthú agus taitníonn sé go mór le páistí.

Cur Chuige Simplí maidir leis an gComhdhéanamh Sraith Ceisteanna an Chumadóra:

Is próiseas taiscéalaíochta atá sa chumadóireacht don chuid is mó, taiscéalaíocht a bhaineann le fuaimneanna a iniúchadh agus cinntí a dhéanamh. Bealach simplí le tosú ná roinnt eochaircheisteanna a chur agus roghanna a dhéanamh fúthu. Roghnaigh roinnt de na ceisteanna seo mar phointe tosaigh d'aon ghníomhaíocht déanta ceoil sa seomra ranga:

Líne scéil/mothúchán

- Cén mothúchán, giúmar nó scéal ar mhaith linn a chruthú lenár gceol?
- Sásta/brónach; diamhair/spraoi; aislingeach/eachtrúil srl.

Ionstraimí

- Cad iad na huirlisí a úsáidfimid chun an scéal/giúmar a theastaíonn uainn a chruthú?
- Téada, gaotha adhmaid, práis, cnaguirlisí, guth, fuaimneanna taifeadta, fuaimneanna ó
- rudaí aimsithe/déanta sa bhaile?
- An ndéanfaimid sraitheanna dóibh chun uigeachtaí nó armóin éagsúla a chruthú?

Fonn/téama

- Cén uirlis a sheinnfidh ár bhfonn?
- An mbainfidh úsáid as amhránaíocht nó uirlis nó an dá rud?!
- An bhfuilimid ag iarraidh go dtosóidh ár bhfonn ag pointe íseal, ard nó an dtosóidh sé sa lár agus cá rachaidh sé ina dhiaidh sin?
- An dteastaíonn uainn go mbeadh an ceol corraithe (staccato) nó go mbeadh sé réidh agus go shnífeadh sé leis go socair (legato)
- An oibreodh nótaí fada nó an mbainfidh úsáid nótaí níos giorra?

Luas

- An bhfuil muid ag iarraidh píosa ceoil mall nó gasta a chruthú?
- Cén rithim/buille a d'oibreodh leis?
- An ndéanfaimid é a athrú chun an ceol a iompú trí dhul níos tapúla nó níos moille ag pointí difriúla?

Síniú Ama

- Ar mhaith linn buille rialta seasta an chruthú e.g. An tUainiú atá ag Máirseáil (4/4)
- An mbeadh rince níos fearr e.g. An tUainiú atá ag Válsa (3/4)

Dinimic

- An dteastaíonn uainn go mbeadh ár gceol glórach nó bog nó áit éigin idir eatarthu?
- An n-oibreodh sé dá n-éireodh an ceol níos airde nó dá n-éireodh sé níos ciúine agus níos boige?
- Ar cheart stop a chur leis an gceol ag pointí áirithe?

Rithim

- An n-oibreodh sé dá mbeadh rithim rialta aige nó an mbrisfimid ár mbuille suas?
- Má táimid ag baint úsáid as focail, an féidir leis an rithim nádúrtha sna focail ár rithim a dhéanamh?

Drámaíocht agus Éifeachtaí Speisialta

- An gá dúinn fuaim speisialta a chruthú do phointe dhrámatúil? m.sh. glao ó thrumpa, tormáil drumáí, cloigíní, ciúnas.

Cumadóireacht le hUirlis

Is féidir linn uirlis a phiocadh suas agus trí bheith ag pleidhcíocht léi, píosa ceoil álainn a chruthú. Is mór an spraoi é bheith ag seinm agus féachaint cad a tharlaíonn agus trí chleachtadh a dhéanamh tosóidh páistí ag cumadh éagsúlachtaí toirte, luas agus rithime a éagsúla le huirlis shimplí.

Tá sé rithabhachtach spás sábháilte a chruthú – nuair atá an tobchumadóireacht a dhéanamh agus an ceol a chruthú níl aon nóta nó botún mícheart, níl ann ach roghanna le déanamh. Spreag na páistí chun triail a bhaint as agus béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le héisteacht leis na fuaimanna atá a ndéanamh acu agus conas a nascann siad leis na fuaimanna atá a ndéanamh ag daoine eile. Cabróidh sé seo leo níos mó roghanna ceoil a dhéanamh. Ina theannta sin, tá tábhacht ag baint le bunrialacha simplí cosúil le geáitsí comhaontaithe chun tús/stop a chur leis an obair agus uainíocht a dhéanamh ar a chéile.

An Scála Peinteatonach

Tá cnaguirilísí atá curtha i dtiúin cosúil le barraí clingíní an-úsáideach agus éasca le húsáid. Fiú murar fhoghlaim tú féin nó do dhálaí faoi conas uirlis a sheinm, is pointí tosaigh iontacha iad barraí clingíní atá curtha i dtiúin nó glocainspílí don tobchumadóireacht agus don chumadóireacht féin.

Is é an cur chuige is fusa ná oibriú san eochair pheinteatonach agus uirlisí tuinairde a n-úsáid agat. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil ach na nótaí 'fa' agus 'ti' á mbaint agat (nó na nótaí F agus B san eochair C). Fágann sé seo go bhfuil scála simplí de 5 nóta agat – sin an fáth go nglaohtar peinteatonach air.


Tríd an mhéid seo a dhéanamh, baineann na tú na leath-toin agus ciallaíonn sé seo go mbeidh toradh binn ar gach saghas cumadóireachta ag baint úsáid as na 5 nóta seo.

Scála Peinteatonach san eochair C:

Seo é an scála peinteatonach a thugtar sa nodaireacht chaighdeánach agus sa sólfá tonach:



Seo an chuma atá ar an scála peinteatonach ar pianó nó ar mhéarchlár - ní úsáideann tú ach na nótaí atá aibhsithe i ndath gorm:



Joanna Parkes & Anita Mahon
Cover a cheap an Pacáiste
Gníomhaíochta seo

**Bheimis an-sásta aon aiseolas,
íomhá nó taifead a dhéanann na
páistí i do rang a fháil.**

Is é seo ár seoladh:
The Ark
11A Eustace Street
Temple Bar
Dublin 2

Nó is féidir iad a sheoladh
tríd an ríomhphost chuig
TheArkDublin@gmail.com



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council